Scéim Teanga
Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

2009-2012

Caibidil 1
1.1 Cúlra & Réamhrá

D'iarr an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in Eanáir 2009, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad Scéim Ghaeilge agus dara scéim Ghaeilge a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("An tAcht"). Forálann an tAcht d'ullmhúchán, ag comhlachtaí poiblí, de scéim reachtúil a mhionsonraíonn na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil.

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá i gceist ag an gcomhlacht a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear aon seirbhís, nach mbeidh ar fáil trí mheán na Gaeilge, ar fáil trí Ghaeilge laistigh d'achar ama aontaithe.

1.2 Athbhreithniú ar an gCéad Scéim Teanga de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

I Meán Fómhair 2006, dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an chéad Scéim Ghaeilge de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ag leagan amach gealltanas chun fáil níos fearr agus caighdeán níos airde de sheirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a chinntiú. Leag an Scéim sraith uaillmhianach de bhearta amach atá le cur i bhfeidhm thar clár ama trí bliana.

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirlínte atá leagtha amach faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Meán Fómhair 2004.

Tuairiscíodh dul chun cinn i dtaca le cur i bhfeidhm na scéime chuig an gCoimisinéir Teanga don chéad uair i Meán Fómhair 2007, agus thug an Coimisinéir Teanga aiseolas luachmhar.

Ó ceadaíodh an Scéim i Meán Fómhair 2006, rinneadh dul chun cinn suntasach sna réimsí seo a leanas:

- Tá foilseacháin agus foirmeacha dátheangacha ar fáil ar líne.

- Seoladh Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí, ina bhfuil Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí agus Ionad Glaonna le haghaidh cur chuige dírithe chun seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil.
- Forbraíodh Cuntar Poiblí & Prótacal Cumarsáide Teileafóin.
- Comharthaí lán-dátheangacha ag Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí.
- Eisíodh gach bille bruscair chuig custaiméirí go dátheangach
- Rinneadh Nuachtlitir na Cathrach go dátheangach agus seachadadh chuig gach teaghlach í.
- Forbraíodh sainiúlacht nua dhátheangach lógó agus bhranda agus úsáideadh í ar ábhair, earraí, páipéarachas agus feithiclí na Comhairle
- Tacaíocht leantach do dhráma na Gaeilge, do ranganna rince agus amhránaíochta ar an sean-nós
- Tacaíocht leantach do Ghaillimh le Gaeilge
- Leanann Coiste na Logainmneacha de bheith ag feidhmiú
- Bhain breis agus 15 ball foirne creidiúnú amach faoi Theastas Eorpach na Gaeilge.

Tá an dara scéim Ghaeilge ag brath ar chur i bhfeidhm gach gealltanas atá sa chéad Scéim. Má tharlaíonn nár cuireadh na gealltanais sa Scéim sin i bhfeidhm cothrom le dáta, chuaigh Oifig an Choimisinéara Teanga i ngleic leis an gceist seo. Tá sé mar chuspóir ag an dara Scéim seo leanúint ar aghaidh le seachadadh na ngealltanas seo agus tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach ar fud na Comhairle thar thréimshe an chéad Scéime. Leagann sí gealltanas ar son na Comhairle agus na foirne amach chun méid na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí mheán na Gaeilge a fhorbairt, agus sainaithníonn sí réimsí le haghaidh feabhais sa todhchaí.

Cuireann an Scéim nua leis na prionsabail de Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí freisin, agus leanfaidh sí ar aghaidh lena chinntiú go n-éascaítear daoine ar mian leo a ngnó a dhéanmah trí mheán na Gaeilge.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

1.3 Ullmhúchán an Dara Scéim

D'fhoilsigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe fógra dátheangach faoi Alt 13 den Acht an tseachtain dar críoch 24 Aibreán 2009, in Galway City Tribune agus in Foinse, ag lorg aighneachtaí poiblí maidir le hullmhúchán den dréachtscéim faoi Alt 11 ó aon pháirtithe leasmhara. Fuarthas 12 aighneacht, atá ar fáil le haghaidh breathnaithe ar iarratas chuig Oifigeach na Gaeilge, Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Rinne an Chomhairle roinnt suirbhéanna mar chuidiú le hathbhreithniú ar an gCéad Scéim Ghaeilge agus chun eolas a fháil ar fhorbairt an dara Scéim Ghaeilge.

Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag an gComhairle ó cuireadh an Chéad Scéim Ghaeilge i bhfeidhm in 2006, ní leor líon na gcainteoirí Gaeilge sa Chomhairle a bhfuil leorchumas acu seirbhísí na Comhairle a chur ar fáil go dátheangach. Ach, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag dul i ngleic leis an dúshlán seo trí bhaill foirne a éascú chun freastal ar ranganna Gaeilge, rud a leanfaidh ar aghaidh sa todhchaí.

1.4 An Dáta atá Beartaithe chun tús a chur leis an Scéim

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim. Cuirfear tús leis an scéim ar an 23 Nollaig 2009 agus beidh sí i bhfeidhm go ceann trí bliana ón dáta seo, nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de réir Ailt 15 den Acht, pé acu is luaithe.

Caibidil 2

2.1 Príomhghníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach

Tá freagracht ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe gach seirbhís an rialtais áitiúil a chur ar fáil do mhuintir Chathair na Gaillimhe. Tá oifigí riaracháin na Cathrach suite ag Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. Freastalaíonn an Chomhairle ar dhaonra 72,000. Fostaíonn an Chomhairle 450 ball foirne go neasach. Leagtar Straitéis Chorparáideach na Comhairle amach ina Plean Corparáideach 2004 – 2009. Is iad na príomhghnéithe seo a leanas a thabharfaidh treoir maidir le struchtúr an Phlean Chorparáidigh:

Tá roinnt feidhmeanna ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Ní hamháin gurb í an Chomhairle an áisineacht don daonlathas áitiúil, agus a ról bainteach mar ionadaí, is soláthróir seirbhíse, rialaitheoir agus éascaitheoir í. Déanann sí agus cuireann sí beartais phoiblí i bhfeidhm. Déantar cur síos de ghnáth ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmeanna na Comhairle Cathrach faoi na teidil atá leagtha amach sa bhuiséad bliantúil, .i.

- Tithíocht agus Tógáil
- Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht
- Soláthar Uisce agus Séarachas
- Rialú agus Dreasachtaí Forbartha
- Cosaint na Timpeallachta
- Conláiste agus Caitheamh Aimsire

- Talmhaíocht, Sláinte, Oideachas agus Leas
- *Seirbhísí Ilchineálacha*.

Tá ceannteidil an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) agus na Stiúrthóireachta ina gcuidiú i dtaca le cur síos ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Cathrach.

SPC 1 – Seirbhísí Tithíochta: Soláthar de Thithíocht Údaráis Áitiúil, Bainistiú Stoic Thithíochta, Tithíocht ar Phraghas Réasúnta, Scéimeanna Tithíochta Deonacha, Pleanáil agus Soláthar de Chóiríocht don Lucht Siúil, Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean, Tithe Príobháideacha ar Cíos, Rannpháirtíocht Tionóntaí agus Bainistiú Eastát, Iasachtaí agus Deontais Thithíochta, Iompar Frithshóisialta agus Rialú Tógála.

SPC 2 – Iompar agus Bonneagar

Feabhsúcháin agus Cothabháil Bóithre, Bainistiú Tráchta, Pleanáil Chomhtháite Iompair, Tacsaithe agus Hacnaithe, Coisíocht, Áiseanna Rothaíochta, Sábháilteacht ar Bhóithre, Soilsiú Poiblí, Páirceáil, Feabhsúchán agus Cothabháil Soláthair Uisce, Feabhsúchán agus Cothabháil Draenála, Leithris Phoiblí.

SPC 3 – Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch

Úsáid Talún – Réamhphleanáil agus Rialú Forbartha, Pleanáil Cheantair Ghníomhaithe agus Cheantair Chomhtháite, Forbairt Fiontraíochta, Forbairt Eacnamaíoch, Cur Chun Cinn agus Forbairt Turasóireachta, Oidhreacht agus Caomhnú, Athnuachan Uirbeach – Dreasachtaí

SPC 4 – Timpeallacht

Bainistiú agus Rialúchán Dramhaíola, Rialú Truaillithe (Aer, Uisce agus Torann), Bainstiú Bruscair, Glanadh Sráideanna
Láithreáin Thréigthe, Clár Áitiúil 21, Tailte Adhlactha, Corrthrádáil/Margaí, Sábháilteacht Bhia, Rialú Madraí, Bainistiú Cósta, Gníomhaireacht Fhuinnimh na Gaillimhe, Cosaint Dóiteáin

SPC 5 – Caitheamh Aimsire, Conláiste agus Cultúr

Páirceanna agus Áiteanna Súgartha, Ionaid Áineasa, Páirceana Imeartha, Cúrsaí Gaeilge, Áiteanna Áineasa, Cultúr na nEalaíon, Amharclann, Iarsmalann, Leabharlanna, Áiseanna Pobail, Forbairt Phobail, Seirbhís Chorparáide agus Pobal agus Fiontraíocht, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Seirbhísí Ginearálta, Straitéis Bhord Forbartha na Cathrach, Cuimsiú Sóisialta, Fóram Pobal agus Deonach, Airgeadas, Íocaíochtaí, Párolla, Caiteachas agus Ioncam, Cuntasaíocht Airgeadais agus Bhainistíochta, Costáil Luach ar Airgead.

2.2 Custaiméirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Príomhgheallsealbhóirí
Tá an Chomhairle Cathrach an-tábhachtach i bhforbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha na Cathrach. Agus sainchúram leathan agus tábhachtach ag an ról, tá cuspóirí agus beartais na heagraíochta ríthábhachtach go hinmheánach agus go seachtrach. Cuimsíonn an beartas cumarsáide réimse leathan agus éagsúil de sprioclucht féachana, mar atá;

- Cónaitheoirí agus cónaitheoirí féideartha Chathair na Gaillimhe
- Daoine ag obair sa Chathair
- Comhaltaí Tofa Náisiúnta agus Áitiúla.
- Na Meáin go léir
- An Rialtas Láir
- Fostaithe na Comhairle
- Comhlachtaí Eile an Rialtais Áitiúil
- Eagraíochtaí agus Grúpaí Pobail agus Deonacha
- Gnóthais i nGaillimh
- Gníomhaireachtaí Stáit, Gníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla agus Comhpháirtithe Sóisialta
- Grúpaí Mionlaigh

Ina theannta sin, tá réimse leathan de dhaoine leasmhara breise ag Cathair na Gaillimhe, lena n-áirítear cuairteoirí, cuairteoirí féideartha agus gnóthais féideartha. Tá príomhról ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis na daoine leasmhara seo a tharraingt agus a chur ar an eolas trí obair le comhpháirtithe agus trí mhargaíocht Chathair na Gaillimhe a fheabhsú.

2.3 Ceantair Ghaeltachta laistigh den Chathair

Tá cúig toghroinn i gCathair na Gaillimhe ina bhfuil ceantair Ghaeltachta; Bearna, Baile an Bhriotaigh, An Caisleán Gearr, Cnoc na Cathrach agus Mionlach. In 2006, bhí 31,153 duine a raibh Gaeilge acu ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe. I ndaonáireamh 2006, tugadh idirdhealú isteach chun méid d'úsáid laethúil na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais a fháil amach. Léiríonn daonáireamh 2006 go labhraíonn 5,694 duine an Ghaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais agus 1,984 duine lasmuigh den chóras. Ag deireadh 2007, bhí iomlán de 6,566 scoláire ag freastal ar 27 mbunscoil suite i gCathair na Gaillimhe. In 2007, bhí 11 mheánscoil i gCathair na Gaillimhe, a d'fhreastail ar dhaonra scoláirí de 5,256.

De réir Dhaonáirimh 2002, tá 6,008 duine a chónaíonn i gceantair Ghaeltachta Chathair na Gaillimhe, agus 1,518 acu siúd a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil. Léiríonn stataisticí ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta gurb iad na ceantair Ghaeltachta i gCnoc na Cathrach na cinn is láidre sa chathair, agus an líon is mó teaghlach ag cur iarratas isteach agus ag fáil deontas faoi 'Scéim Labhairt na Gaeilge'.

2.4 Achoimre ar Chathair na Gaillimhe

Tá Cathair na Gaillimhe, ar a dtugtar Cathair na dTreabh freisin, suite i gContae na Gaillimhe ar an gcósta thiar, agus is í an chathair is iartharaí in Éirinn agus san Eoraip, a fheidhmíonn mar gheata ar an gceantar Gaeltachta is mó sa tír – Conamara.

Tá fairsingiú tapa ar Chathair na Gaillimhe le blianta beaga anuas mar gheall ar fhás méadaithe i dteicneolaíochtaí leighis, ICT, tionscail éadroma innealtóireachta agus fairsingiú ar thionscail sheirbhísí sa chathair. Sa tréimhse 2002-2006, bhí méadú 10% ar dhaonra Chathair na Gaillimhe, agus léiríonn daonáireamh 2006 daonra de 72,414.12. 3

Is í an Chathair lárionad oideachais an Iarthair agus tá cáil bainte amach aici as an iliomad imeachtaí cultúrtha agus ealaíon a bhíonn ar siúl inti. Tá cáil uirthi freisin mar gheall ar a féilte, go háirithe Féile Ealaíon na Gaillimhe agus Rasaí Capall na Gaillimhe. Bíonn taispeántais in Iarsmalann Chathair na Gaillimhe, suite taobh thiar den Áirse Spáinneach iomráiteach, a fhiosraíonn gnéithe de stair agus oidhreacht Chathair na Gaillimhe. Tá an Ghaeilge lárnach i saol na Cathrach le blianta fada agus tá páirt thábhachtach ag forais chultúrtha agus shóisialta ar nós Taibhdhearc na Gaillimhe, Áras na Gaeilge, Gaillimh le Gaeilge agus Árus na nGael i gcur chun cinn cultúrtha na teanga sa chathair. Tá cuid den Chathair lonnaithe sa Ghaeltacht oifigiúil, mar atá Cnoc na Cathrach, Mionlach agus an Caisleán Gearr.

3. Seirbhísí Reatha ar fáil go dátheangach & bearta beartaithe an Dara Scéim

*1) **Bróisiúir & Bileoga Eolais***
*2) **Comhfhreagras Scríofa***
*3) **Foirmeacha Iarratais***
*4) **Preaseisiúintí agus Ráitis***

1
2
3

5) Foilseacháin
6) Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise, Idirlín & an Láithreán Gréasáin
7) Cumarsáid ar an Teileafón
8) Seirbhísí Cuntair
9) Cruinnithe Poiblí / Cruinnithe leis an bPobal
10) Comhairliú
11) Íomhá Chorparáideach, Comharthaí & Bearta Ginearálta
12) Beartais agus Tionscnaimh Nua
13) Seirbhísí a chuirtear ar fáil ar son na Comhairle
14) Deontais & Urraíocht
15) An Scéim aontaithe a phoibliú.

Beartais na Scéime

1. Bróisiúir/Bileoga Eolais

Gníomh	*Spriocdháta*
1.1 Beidh gach bróisiúr agus bileog eolais nua de chuid na Comhairle dátheangach (Gaeilge agus Béarla) laistigh den aon cháipéis amháin, agus beidh an dá theanga ar chomhstádas. Cuirfear aon bhróisiúir nó bileoga eolas atá ann cheana féin nach bhfuil dátheangach go dtí seo, i bhfoirm dátheangach laistigh den chlúdach amháin ar athnuachan an fhoilseacháin.	Leanúnach
1.2 Is í an fhormáid roghnaithe go mbeidh an dá theanga taobh le taobh agus Gaeilge ar chlé nó ar dheis, nó Gaeilge thuas agus Béarla thíos. *Beidh téacs na Gaeilge le feiceáil ar dtús agus é chun tosaigh, infheicthe, soléite, cothrom le méid an Bhéarla ar a laghad, agus gan giorrúcháin seachas sa chás go bhfuil giorrúcháin leis an mBéarla freisin.*	Leanúnach

1.3 Féadfaidh bróisiúir agus bileoga eolais a bheith i mBéarla amháin má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sainiúil leis an mBéarla, (m.sh. grúpa drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, srl.)	Leanúnach
1.4 Sa chás go gcuireann eagraíocht eile bróisiúir nó bileoga eolais ar fáil, a bhíonn in úsáid nó á soláthar ag an gComhairle, iarrfar leagan dátheangach a chur ar fáil.	Leanúnach
1.5 Nuair a chuireann comhlacht eile bróisiúir nó bileoga eolais amach go leithleach, dáileofar an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge le chéile sa phost nó thar an gcuntar, nuair nach fios cén teanga atá á héileamh.	Leanúnach

2. Comhfhreagras Scríofa

Gníomh	*Spriocdháta*
2.1 Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le fáilte a chur roimh chomhfhreagras i mBéarla nó i nGaeilge.	Leanúnach
2.2 Leanfar ar aghaidh le freagra a thabhairt (nuair atá gá leis) ar chomhfhreagras a fhaigheann an Chomhairle sa teanga inar scríobhadh an litir bhunaidh. Nuair atá gá le comhfhreagras breise ina dhiaidh sin, déanfar é sa teanga chéanna.	Leanúnach
2.3 Ní bheidh aon mhoill mhíchuí mar gheall ar chomhfhreagras leis an gComhairle i nGaeilge. Cuirfear freagra ar fáil laistigh den sprioctréimhse atá sonraithe sa Phlean Cúram Custaiméirí.	Leanúnach
2.4 Beidh gach comhfhreagras, tar éis glaoch gutháin nó comhrá i nGaeilge, sa teanga chéanna mura bhfuil an duine féin ag iarraidh a mhalairt.	Leanúnach
2.5 Beidh gach comhfhreagras mar thoradh ar ghlaoch gutháin nó comhrá inar léirigh an duine gurbh fhearr leo Gaeilge a úsáid, i nGaeilge, cé go mb'fhéidir nach raibh an glaoch gutháin nó an comhrá féin i nGaeilge.	Leanúnach
2.6 Is trí mheán na Gaeilge a dhéanfaidh an Chomhairle comhfhreagras le haon duine, grúpa, Gaelscoil nó eagraíocht, má tá sé soiléir go mbaineann siad úsáid as an nGaeilge de ghnáth, nó más rud é gur fearr leo é sin a dhéanamh.	Leanúnach
2.7 Má phléann oifigeach nach bhfuil Gaeilge aige/aici le comhfhreagras i nGaeilge, gheobhaidh sé/sí cuidiú ón Oifigeach Gaeilge, ó aistritheoir nó ó chomhghleacaí inniúil, ionas gur féidir freagra a thabhairt i nGaeilge.	
2.8 Mar chuid de ghnáthriarachán seirbhísí ar bhonn laethúil, cuirfear gnáthlitreacha agus imlitreacha ar fáil don phobal go dátheangach.	Leanúnach
2.9 Beidh ráiteas caighdeánach ar pháipéarachas, ar fhógraí agus ar láithreán gréasáin na Comhairle ag tabhairt le fios don léitheoir go bhfáilteofar roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	Leanúnach
2.10 Déanfar forbairt bhreise ar chlár agus ar bhunachar sonraí de dhaoine, de ghrúpaí, de scoileanna, de Ghaelscoileanna agus d'eagraíochtaí arbh fhearr leo go ndéanfaí cumarsáid leo i nGaeilge, i bhfoirm liostaí teagmhálacha d'úsáid oifigeach aonair, nó tagairtí níos leithne d'úsáid na nAonad seirbhísí.	Leanúnach
2.11 Cuirfear na prionsabail thuas i bhfeidhm i dtaca le comhfhreagras leictreonach.	Leanúnach
2.12 Taifeadfaidh gach ball foirne líon na n-idirbheart / na n-iarratas le haghaidh seirbhísí i nGaeilge trí chomhfhreagras scríofa ar dhóigh chórasach chun éileamh a mheas agus a mhonatóiriú ar bhonn leanúnach.	

3. Foirmeacha Iarratais

Gníomh	*Spriocdháta*
3.1 Beidh gach foirm iarratais nua, agus an t-ábhar bainteach mínitheach a fhoilsíonn an Chomhairle, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla san aon cháipéis amháin. Tá sé mar bheartas ag an gComhairle a chinntiú go bhfuil agus go mbeidh gach foirm iarratais agus an doicimeadú bainteach ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúil ar ár láithreán gréasáin. Cuirfear aon fhoirmeacha iarratais atá ann cheana féin agus an t-ábhar bainteach mínitheach, nach bhfuil dátheangach go dtí seo, ar fáil go dátheangach laistigh den aon chlúdach amháin ar athnuachan an fhoilseacháin. Sa chás go gcuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil mar leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith, cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar an suntasacht chéanna don dá leagan ag gach suíomh poiblí, agus go mbeidh an fháil chéanna ar an leagan Gaeilge is a bheidh ar an leagan Béarla. Cuirfear custaiméirí ar an eolas go réamhghníomhach faoi fháil ar leagan ar leith Gaeilge trí ráiteas cuí ar leagan Béarla na cáipéise agus trí aon bhealach eile is cuí leis an gComhairle.	Leanúnach
3.2 Féadfaidh foirmeacha iarratais a bheith i 'mBéarla amháin' má bhaineann siad le tionscnamh a bhaineann go sainiúil leis an mBéarla (e.g. grúpa drámaíochta/scríbhneoirí Béarla, srl.)	Leanúnach
3.3 Sa chás go gcuireann eagraíocht eile foirmeacha iarratais ar fáil, a bhíonn in úsáid nó á soláthar ag an gComhairle, iarrfar foirmeacha Gaeilge amháin agus foirmeacha dátheangacha a chur ar fáil.	Leanúnach
3.4 Nuair a chuireann comhlacht eile foirmeacha iarratais ar fáil go leithleach, dáileofar an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge le chéile sa phost nó thar an gcuntar, nuair nach fios cén teanga atá á éileamh. Iarrfaidh an Chomhairle go gcuirfí an t-eolas ar fad san aon cháipéis amháin.	Leanúnach
3.5 Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge a úsáidtear ar fhoirmeacha iarratais soléite agus intuigthe, ach go gcloífear leis an gCaighdeán Oifigiúil ó thaobh na litrithe agus na gramadaí de.	Leanúnach

4. Preaseisiúintí agus Ráitis

Gníomh	*Spriocdháta*
4.1 Chuir an Chomhairle an Ghaeilge san áireamh agus a Straitéis Chumarsáide á forbairt aici, agus leanfaidh sí ar aghaidh leis seo agus an Straitéis Chumarsáide á hathbhreithniú aici.	Leanúnach
4.2 Cinnteoidh an Chomhairle go leanfar ar aghaidh le gach preaseisiúint a eisiúint go dátheangach.	Leanúnach
4.3 Déanfaidh an Chomhairle cinnte go mbeidh dóthain urlabhraithe a bhfuil Gaeilge acu ar fáil, ag a mbeidh an t-údarás cuí, chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin maidir le ceisteanna ar bith na Comhairle nuair is gá é sin a dhéanamh.	Leanúnach
4.4 Cuireann an Chomhairle teagmhálaí dátheangach na meán ar fáil faoi láthair le haghaidh tuilleadh eolais, agus cinnteoidh sí go mbeidh oifigeach ar fáil chun eolas a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla sa chás go mbíonn ainmneacha teagmhálacha le haghaidh tuilleadh eolais ar phreaseisiúintí/ráitis.	Leanúnach
4.5 Nuair a iarrann na Meáin Ghaeilge agallamh, cuirfear agallaí eolach oilte sna meáin agus a bhfuil Gaeilge aige/aici ar fáil nuair is féidir. Ní bheadh sé cuí Gaeilgeoir a chur ar fáil nach raibh mórán eolais ar an ábhar i gceist aige/aici.	Leanúnach
4.6 Nuair a iarrann na meáin Gaeilge ar fhreagairt scríofa ar fhiosrú meáin, déanfar gach iarracht an fhreagairt sin a sholáthar trí mheán na Gaeilge.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
4.7 Nuair a eagraíonn an Chomhairle feachtas fógraíochta nó tionscnaimh trí na meáin chló, chraolta nó leictreonacha, cinnteoidh sí go mbeidh an Ghaeilge léirithe ar an ábhar a dhéantar.	Leanúnach
4.8 Beidh 10% ar a laghad de théacs ar ábhar atá ar bhuantaispeáint dátheangach, m.sh. meirgí aníos a bheidh in úsáid go minic.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
4.9 Spreagfar eagraíochtaí seachtracha a eagraíonn taispeántais nó a thaispeánann meirgí i bhfoirgnimh na Comhairle, taispeaintí dátheangacha a sholáthar agus iad ag iarraidh an spáis taispeántais.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
4.10 Cinnteoidh lucht Cumarsáide na Comhairle go gcuirfear an Ghaeilge chun cinn trí na Meáin Ghaeilge maidir le himeacht ar bith a eagraíonn an Chomhairle.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm

5. Foilseacháin

Gníomh	*Spriocdháta*
5.1 Beidh gach foilseachán dátheangach na Comhairle laistigh den chlúdach céanna de réir dea-chleachtais, seachas sa chás nach féidir é seo mar gheall ar mhéid nó cineál na cáipéise. Cuirfear gach foilseachán dátheangach na Comhairle ar fáil ar www.galwaycity.ie agus spreagfar an pobal an tseirbhís a úsáid trí na foilseacháin ábhartha a íoslódáil. http://www.galwaycity.ie/	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
5.2 Nuair atá cáipéis le foilsiú go dátheangach, glacfar leis nach mbeidh an cháipéis iomlán réidh go dtí go mbeidh an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla críochnaithe.	Leanúnach
5.3 Leanfar le foilsiú dátheangach gach cáipéise atá á bhfoilsiú go dátheangach cheana féin ag an gComhairle agus nach bhfuil clúdaithe faoi Alt 10 den Acht.	Leanúnach
5.4 Leanfar le cáipéisí teicniúla a fhoilsiú 'i mBéarla amháin', seachas sa chás go bhfuil spéis ar leith ag an bpobal sa cháipéis nó mura bhfuil tábhacht éigin áitiúil leis. Sa chás sin cuirfear leagan dátheangach nó achoimre sa Ghaeilge ar fáil.	Leanúnach
5.5 Ní bheidh gá cáipéisí straitéiseacha eile de leas ar leith, agus/nó iad teicniúil de réir cineáil, a chur ar fáil go dátheangach. Cuirfear leagan achoimre nó achoimre fheidhmeach ar fáil go dátheangach.	
5.5 Beidh an Ghaeilge a úsáidtear i bhfoilseacháin soléite agus intuigthe go héasca, agus aird ar leith ar chruinneas litrithe agus gramadaí de	Leanúnach

réir an Chaighdeáin Oifigiúil.	

6. Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise, Idirlín & an Láithreán Gréasáin

Gníomh	*Spriocdháta*
6.1 Chinntigh an Roinn ICT go n-éascaíonn láithreán gréasáin na Comhairle ábhar dátheangach. Tá agus beidh na leathanaigh Baile i ngach rannán ar fáil go dátheangach. Beidh na chéad dhá shraith eile de leathanaigh ghréasáin i ngach rannán ar fáil go dátheangach, agus beidh an rannán ábhartha freagrach as ábhar dátheangach a sholáthar.	Le linn tréimhse iomlán na Scéime
Cinnteoidh an Chomhairle go gcuirfear an t-ábhar seasta ar aon láithreáin nua gréasáin a d'fhorbair sí, nó a forbrófar ar a son, ar fáil go dátheangach. (Mar is eol duit, tá an cheist seo ina tosaíocht don Aire i gcomhthéacs dara scéimeanna a chomhaontú agus dá réir sin is gá roinnt gealltanais áirithe a chur sa scéim.)	Leanúnach
6.2 Tá foirmeacha, bileoga eolais, cáipéisí agus foilseacháin a fhoilsítear go dátheangach ar fáil ar an laithreán gréasáin, agus leanfar ar aghaidh leis seo de réir mar a thagann ábhar nua ar fáil. Beidh an rannán ábhartha freagrach as foirmeacha, bileoga srl. dátheangacha a choinneáil.	Leanúnach.
6.2 Bunaíodh seoladh cineálach r-phoist le haghaidh iarratas i nGaeilge, agus leanfar ar aghaidh leis an soláthar seo.	
6.4 Bunaíodh rannán 'Gaeilge' den Inlíon agus leanfar ar aghaidh lena fhorbairt le tacaíocht agus acmhainní don fhoireann – corp de litir, beannachtaí i nGaeilge, foclóirí, frásaí coitianta, Prótacal Cumarsáide Cuntair Phoiblí agus Teileafóin, Liosta Aistritheoirí Creidiúnaithe, Cártaí Deisce	
6.5 Bunaíodh leathanach Gaeilge ar an laithreán gréasáin www.galwaycity.ie agus leanfar ar aghaidh lena fhorbairt agus nuacht, treoracha, urraíocht agus naisc le haghaidh Gaeilgeoirí á dtairiscint. http://www.galwaycity.ie/	Leanúnach
6.6 Iarrfar ar an soláthróir seirbhísí agus ar Bhord Seirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil aon seirbhísí nua idirghníomhacha, inar féidir leis an bpobal iarratais a dhéanamh nó tairbhí a bhaint ar líne, a chur ar fáil, agus cuirfear ar fáil sa dá theanga go comhuaineach iad faoi réir fála ón soláthróir seirbhísí agus ó Bhord Seirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil. _____ **6.7** Cuirfear seirbhísí reatha idirghníomhacha ar fáil go dátheangach faoi réir fála ón soláthróir seirbhísí agus ó Bhord Seirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm _____ Le linn tréimhse iomlán na Scéime seo
6.8 Cuirfear riachtanais chomhoiriúnachta teanga san áireamh nuair atá córais inmheánacha nua IT á dtabhairt isteach nó córais IT reatha á n-uasghrádú. Ós rud é go bhfuil fadhbanna móra teicniúla agus acmhainní ann faoi láthair, is ceist í seo a mbeifear ag dul i ngleic léi sa bhfadtéarma.	Leanúnach

7. Cumarsáid ar an Teileafón

Gníomh	*Spriocdháta*
7.1 Cuirfear gach custaiméir teileafóin ar an eolas go leanúnach ar bhonn réamhghníomhach i dtaca leis an rogha atá acu déileáil leis an gComhairle trí mheán na Gaeilge, mar shampla: beannaítear do ghlaoiteoirí chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe go dátheangach agus tá an rogha acu leanúint ar aghaidh leis an gcomhrá i mBéarla nó i nGaeilge.	Leanúnach

	7.2 Bunaíodh Ionad Seirbhísí do Chustaiméiri i bhFeabhra 2009, agus cuireann gach ionadaí seirbhísí do chustaiméirí, chomh maith le fáilteóirí agus oibreoirí lasc-chláir, ainm na Comhairle in iúl go dátheangach, agus eolas acu ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge. Rinneadh socrúcháin cuí ionas go mbíonn siad in ann an pobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as seirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Níl gach seirbhís ar fáil go hiomlán dátheangach agus leanfar ar aghaidh le hoiliúint agus/nó earcú go mbainfear é seo amach. Míneoidh an t-oibreoir nach bhfuil Gaeilge acu féin an staid go cúirtéiseach, agus cuirfidh siad an glaoiteoir i dteagmháil le Gaeilgeoir.	Leanúnach ar fud na Scéime.
	7.3 Mura bhfuil Gaeilgeoir ar fáil chun déileáil leis an nglao, míneoidh an fostaí don ghlaoiteoir nach bhfuil agus tógfaidh siad a (h)ainm agus a (h)uimhir theagmhála agus sonraí faoin gceist atá acu. Déanfaidh an fostaí cinnte go gcuireann Gaeilgeoir ón gComhairle glao ar ais orthu. Ní féidir é seo a dhéanamh ach nuair atáthar cinnte go gcuirfear glao ar ais chomh luath agus is féidir laistigh de lá amháin oibre. Murar féidir é sin a dhéanamh, tabharfar rogha don ghlaoiteoir fanacht le glao ar ais i nGaeilge nó leanúint ar aghaidh i mBéarla.	Leanúnach
	7.4 Mura bhfuil an Gaeilgeoir atá ábalta déileáil le ceist an ghlaoiteora ar fáil, tabharfar rogha don ghlaoiteoir leanúint leis an nglao i mBéarla nó fanacht go gcuirfear glao ar ais air i nGaeilge.	Leanúnach
	7.5 Glacann an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí gach glao ón bpobal i gcoitinne agus tá na córais fhreagartha uathoibríocha theileafóin go hiomlán dátheangach. Díríonn siad glaoiteoirí go leictreonach (trí oibriúcháin tadhalltoin) chuig an áit a bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil ann. Poiblíodh na seirbhísí seo go forleathan trí bhunú an Ionaid Sheirbhísí do Chustaiméirí.	Leanúnach
	7.6 Tá eolaire de Ghaeilgeoirí atá sásta glaonna a ghlacadh i nGaeilge sa Chomhairle ar fáil don fhoireann ar chúraim an lasc-cláir, agus leanfar ar aghaidh le forbairt ar an eolaire seo de réir mar a thagann feabhas ar Scileanna Gaeilge nó trí earcú.	Leanúnach
	7.7 Beidh teachtaireachtaí taifeadta dhátheangacha ar sheirbhís teachtaireachta na nGaeilgeoirí sa Chomhairle, agus iad ag iarraidh ar an nglaoiteoir teachtaireacht a fhágáil i mBéarla nó i nGaeilge.	Leanúnach
	7.8 Mar shonraíochtaí pearsanta don fhoireann san ionad glaonna sa todhchaí, beidh scileanna cumarsáide i mBéarla nó i nGaeilge inmhianaithe.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
	7.9 Beidh ball foirne amháin ar a laghad ar fáil i gcónaí san Ionad Glaonna le Seirbhís Ghaeilge a sholáthar. Bainfear é seo amach trí earcú agus/nó oiliúint.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm

8. Seirbhísí Cuntair

Gníomh	*Spriocdháta*
8.1 Cuirfear gach glaoiteoir chuig an Deasc Seirbhísí do Chustaimeirí go díreach ar an eolas ar bhonn réamhghníomhach i dtaca leis an rogha atá acu déileáil leis an oifig i nGaeilge, mar shampla, trí thaispeántas fógraí ag an deasc fáiltithe a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil, chomh maith leis na seirbhísí Gaeilge a liostú ar láithreán gréasáin na hoifige. Beannófar do gach glaoiteoir chuig an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí agus chuig cuntair poiblí le beannú simplí dátheangach.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
8.2 Tabharfar aird ar theanga chumarsáide an chustaiméara. Más Gaeilgeoir é/í an glaoiteoir agus mura bhfuil Gaeilgeoir ar fáil chun déileáil leis an gceist atá aige/aici, míneofar dóibh go múinte nach bhfuil agus gur féidir leo fanacht ar Ghaeilgeoir nó gur féidir leo a gcuid sonraí a fhágáil agus go mbeidh Gaeilgeoir i dteagmháil leo níos déanaí, nó is féidir leo leanúint leis an gcomhrá i mBéarla.	Leanúnach
8.3 Beidh gach comhfhreagras, tar éis don chustaiméir a bheith ag an gcuntar, i nGaeilge, más í sin atá ag teastáil ón gcustaiméir, fiú más i mBéarla a rinneadh cumarsáid ag an gcuntar i dtús báire.	Leanúnach
8.4 Cuireann an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí agus Ionad Glaonna seirbhís chuntair ar fáil, rud a bheidh ar fáil go leanúnach. Ionchorpraíonn sé seo na seirbhísí cuntair dátheangacha ón deasc fáiltithe agus ón limistéar fáiltithe tráchta a tiomnaíodh sa chéad scéim. Ina theannta sin, thar thréimhse an dá scéim eile, déanfaidh an Chomhairle cinnte go mbeidh struchtúir ann ionas go mbeidh na seirbhísí cuntair ar fad ar fáil go dátheangach agus go mbeifear in ann déileáil le Gaeilgeoirí líofa. Faoi dheireadh an dara scéim, beidh péire eile des na seirbhísí seo a leanas ar fáil go dátheangach: (Pobal & Fiontar, Deasc an Airgid, Tithíocht, Pleanáil & Comhshaol). Cuirfear comhtharthaí ag na cuntair chuí a léiríonn fáil na seirbhísí seo i nGaeilge.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm Deireadh Scéim a trí (9 mbliana – Eanáir 2015)
8.5 Beidh na córais fhógartha phoiblí, a úsáideann an Chomhairle nó a chuirtear ar fáil thar ceann na Comhairle in oifigí na Comhairle, i mBéarla agus i nGaeilge.	Leanúnach
8.6 Glacfaidh an fhoireann le sonraí an chustaiméara i nGaeilge agus ní bheidh aon bhrú ag aon am ar an gcustaiméir a c(h)uid sonraí a thabhairt i mBéarla.	Leanúnach
8.7 Beidh gá amach anseo go mbeadh cumas cumarsáide i nGaeilge agus i mBéarla ag baill foirne a bheidh ag an gcuntar poiblí.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
8.8 Beidh ar a laghad ball foirne amháin ag Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí i gcónaí chun Seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. Bainfear amach é seo trí earcaíocht agus/nó traenáil.	
8.9 Spreagfar Baill Foirne ag an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí atá dátheangach suaitheantas a chaitheamh ar a bhfuil a n-ainm, agus leibhéal a gcumas Gaeilge (go dátheangach).	

9. Cruinnithe Poiblí/Cruinnithe leis an bPobal

Gníomh	*Target Date*
9.1 Fáilteofar roimh ionchur ón bpobal i mBéarla nó i nGaeilge ag cruinnithe leis an bpobal a eagraíonn an Chomhairle nó a eagraítear ar son na Comhairle.	–
9.2 Nuair a eagraítear cruinniú, san oifig nó sa bhaile, nó taobh amuigh den oifig, tabharfar aird ar theanga an chliaint, agus sa chás gur Gaeilge an teanga sin, cinnteoidh an Chomhairle go mbuaileann oifigeach dátheangach leis an gcliant chun seirbhís dátheangach a chur ar fáil.	Leanúnach
9.3 Má bhí an Chomhairle ag déileáil le cliant i nGaeilge roimhe seo, glacfar leis go mbeidh an cruinniú agus aon teagmháil ina dhiaidh sin i nGaeilge freisin.	Leanúnach
9.4 Mura bhfuil dóthain ama ann chun oifigeach dátheangach a chur ar fáil chun bualadh leis an gcliant ag an gcruinniú, míneofar an cás go múinte don chliant agus tabharfar dhá rogha dó/di: 1) cruinniú a eagrú amach anseo le hoifigeach a bhfuil Gaeilge aige/aici, 2) an cruinniú a thionól i mBéarla.	Leanúnach
9.5 Cuirfear seirbhís ateangaireachta ar fáil don phobal ag cruinnithe poiblí chun go mbeidh siad in ann a rogha teanga a úsáid, Gaeilge nó Béarla, sa chás gur fios an rogha teanga roimh ré.	Leanúnach
9.6 Spreagfar baill foirne a dhéanann cur i láthair ag cruinnithe poiblí chun cuid den chur i láthair a ullmhú i nGaeilge.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
9.7 Iarrfar ar rogha teanga na ndaoine a bheidh ag freastal ar chruinniú poiblí, cé acu i mBéarla nó i nGaeilge, roimh ré trí iarraidh orthu an rogha teanga atá acu a chur in iúl i bhfógra an chruinnithe. _____ **9.8** Má eagraíonn an t-údarás áitiúil cruinniú poiblí, agus an Ghaeilge mar ábhar an chruinnithe, is i nGaeilge a reáchtálfar an cruinniú sin agus beidh seirbhísí ateangaireachta ar fáil.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm Leanúnach
9.9 Nuair a eagraíonn an Chomhairle cruinnithe le heagraíochtaí a fheidhmíonn de ghnáth trí mheán na Gaeilge, is i nGaeilge a bheidh an cruinniú sin.	Leanúnach
9.10 Beidh áiseanna aistriúcháin ar fáil ag gach cruinniú poiblí a eagraíonn an Chomhairle.	Deireadh Scéim a dó
9.11 Eagróidh an Chomhairle foirne oibre chun go mbeidh fostóir a bhfuil Gaeilge aige/aici ar fáil ag cruinnithe poiblí, sa chás go bhfuil an Chomhairle eolach ar an rogha teanga roimh ré.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm

11. Íomhá Chorparáideach, Comharthaíocht agus Bearta Ginearálta

Gníomh	*Spriocdháta*
11.1 Is Comhairle Cathrach na Gaillimhe / Galway City Council a bheidh mar ainm oifigiúil dátheangach na Comhairle.	Leanúnach
11.2 Ghlac an Chomhairle le féiniúlacht chorparáideach lán-dátheangach, agus leanfaidh sí ar aghaidh leis seo a chur chun cinn.	Leanúnach
11.3 Éascóidh an Chomhairle go hiomlán aon cheantar sa chathair ina bhfuil toil an phobail ann comharthaíocht i nGaeilge amháin a bheidh acu ina gceantar.	Leanúnach
11.4 Déanfar forbairt ar bheartas chun comharthaíocht dátheangach a mholadh agus a chur chun cinn sa Chathair, san earnáil phoiblí agus phríobháideach, de réir ár gcuid díospóireachtaí leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, maidir le 'Gaillimh - Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann'.	Le linn tréimhse iomlán na Scéime
11.5 Leanfar le hainmneacha Gaeilge a chur ar aon fhorbairt nua tithíochta. Beidh sé de dhualgas ar choiste logainmneacha na Comhairle na hainmneacha a chinntiú agus a roghnú de réir na téarmaí tagartha atá leagtha amach agus tar éis dul i gcomhairle le Coimisiún na Logainmneacha, agus tar éis logainmneacha atá ann cheana féin, chomh maith le stair agus oidhreacht na háite a thabhairt san áireamh.	Leanúnach
11.6 Sa chás go bhfoilsíonn an Chomhairle fógraí poiblí sna meáin chló, cinnnteoidh sí go leanfar ar aghaidh le leagan Gaeilge a fhoilsiú sna meáin chló Ghaeilge.	Leanúnach
11.7 Molfar ainmneacha Gaeilge a chur ar shráideanna, ar bhóithre agus ar ghnéithe nua sa chathair, agus beidh comhairliúchán cuí ann chun ainm na sráide, an bhóthair srl. a shainmhíniú. Rachaidh coiste logainmneacha na Comhairle i ngleic leis seo.	Leanúnach
11.8 Úsáidfidh an Chomhairle an tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 i ngnó oifigiúil.	Leanúnach
11.9 Sa chás go bhfuil gá ann athrú/ceartúcháin a dhéanmah ar earráidí maidir le logainmneacha agus ainmneacha sráideanna, déanfar é seo le linn cothabhála agus oibreacha feabhsúcháin.	Leanúnach

12. Seirbhísí a chuirtear ar fáil ar son na Comhairle

Gníomh	*Spriocdháta*
12.1 I ngnáth nósanna imeachta agus an Chomhairle ag déileáil le tríú páirtithe a bhíonn ag soláthar seirbhísí don phobal, i gcomhar leis an gComhairle nó thar a ceann, déanfar cinnte go dtabharfar aird ar an Scéim seo agus a riachtanais, ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus ar aon rialacháin atá déanta faoin Acht sin.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
12.2 Nuair atá teagmháil leis an bpobal i gceist, iarrfar ar ghníomhaireachtaí nó ar chonraitheoirí a léiriú cén chaoi a mbeidh na seirbhísí seo á soláthar go dátheangach. Bainfear é seo amach trí shonraí cuí riachtanas na Scéime a chur san áireamh i dtaca le dtairiscint na gcáipéisí, comhaontais agus coinníollacha conartha agus, nuair is cuí, ag lorg ráiteas ar an gcaoi a seachadfar na seirbhísí seo.	Leanúnach
12.3 Agus aon chonradh nua á ligean maidir le seachadadh seirbhísí, beidh an Stiúrthóir Seirbhísí cuí freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an	Leanúnach

ghníomhaireacht nó an chuideachta a dhéanann an obair ar son na Comhairle riachtanais na scéime.	
12.4 Is féidir go mbeidh conarthaí nó socrúcháin ghearrthéarma ann agus iad siúd le haghaidh taisc áirithe nuair nach bhfuil lánchomhlíonadh leis an scéim praiticiúil. Sa chás seo iarrfar ar chomhlíonadh chomh hiomlán agus is féidir sna himthosca.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
12.5 Beidh treoracha ar na nósanna imeachta le leanúint ar fáil don fhoireann a bhfuil baint acu le hullmhúchán na gconarthaí, agus mar chuid de seo beidh ullmhúchán ailt a chuirfear le conarthaí agus le cáipéisí tairisceana.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
12.6 Nuair atá an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, cuirfidh an Chomhairle na páirtithe sin ar an eolas faoin Scéim Teanga agus déanfaidh sí cinnte go gcuirfear na bearta atá sa Scéim i bhfeidhm. Aon uair is féidir, spreagfaidh an Chomhairle cur chun cinn agus treisiú na Gaeilge.	Leanúnach

13. Deontais & Urraíocht

Gníomh	*Spriocdháta*
13.1 Spreagfaidh an Chomahirle eagraíochtaí, comhlachtaí nó daoine aonair nach bhfuil mar chuid de chomhlacht poiblí, a fhaigheann urraíocht airgeadais ón gComhairle seo, seirbhísí dátheangacha nó seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar don phobal.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
13.2 Mar an gcéanna, sa chás d'eagraíochtaí, comhlachtaí nó daoine aonair nach n-ionadaíonn comhlacht poiblí agus a bhíonn ag obair i gcomhoibriú leis an gComhairle, nó sa chás d'aon chomhpháirtíocht idir an Chomhairle agus aon eagraíocht eile, iarrfar ar a leithéid de thionscadail nó comhpháirtíochtaí feidhmiú de réir na scéime seo.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm
13.3 Mar chuid d'Fhoirmeacha Iarratais le haghaidh maoinithe agus deontas, beidh rannán inar féidir an t-iarratasóir cur in iúl cén chaoi a mbainfear úsáid as an nGaeilge agus cén chaoi a gcuirfear chun cinn í i ngníomhaíochtaí, imeachtaí poiblí, foilseacháin, srl.	Ó Cuireadh an Scéim i bhFeidhm

Oiliúint

Gníomh		
	(i)	Molfar don fhoireann freastal ar chúrsaí iomchuí a bheidh dírithe ar úsáid na Gaeilge leis an bpobal san ionad oibre a éascú dóibh, de réir riachtanas a bpost.
	(ii)	Spreagfar an fhoireann iarratas a shéanamh ar Scoláireacht Ghaeleagrais.
	(iii)	Tabharfar Tosaíocht Oiliúna d'oifigigh sna réimsí sin de sheachadadh seirbhísí nuair a bhíonn teagmháil rialta le Gaeilgeoirí sa phobal, nó ma bhíonn easpa aitheanta de bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu, mar a leagtar amach agus a aontaítear i bpleananna forbartha an duine aonair agus na foirne, agus i bPleananna Oiliúna na Stiúrthóireachta freisin.
	(iv)	***Tuigeann gach ball foirne a chríochnaíonn Oiliúint sa Ghaeilge ag costas don Chomhairle go soláthróidh siad Seirbhís i nGaeilge ar son na Comhairle nuair is gá sin a dhéanamh.***
	(v)	Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh le tacaíochtaí Gaeilge a sholáthar don fhoireann ar bhonn leanúnach tríd an Oifigeach Gaeilge – frásaí, téarmaíocht, litreacha, foirmeacha agus fógraí. Spreagtar oifigigh atá ag foghlaim na Gaeilge í a úsáid chomh minic agus is féidir in ainneoin aon easpa muiníne nó cleachtaidh.
	(vi)	Soláthrófar seisiúin Oiliúna Feasachta Teanga faoir réir buiséid.
	(vii)	Soláthrófar Sainoiliúint Teanga don Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí agus don fhoireann a bhíonn ag obair go díreach

		leis an bpobal ag cuntair phoiblí agus/nó ar theileafóin phoiblí, faoi réir buiséid.
	(viii)	Forbrófar Treoirleabhar Praiticiúil do Bhainisteoirí ar dhea-chleachtas ginearálta maidir le beartais dhátheangacha a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhsheasmhacht leis an Scéim.
	(ix)	Mar chuid d'ionduchtú na foirne tabharfar aird an duine aonair ar riachtanais agus ar impleachtaí na Scéime Gaeilge.
	(x)	Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht do bhaill foirne atá ag foghlaim na Gaeilge. I measc na modhanna tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann ná socrúchán a éascaíonn an ball foirne freastal ar ghrúpaí comhrá ag am lóin.
	(xi)	Cuirfidh an Chomhairle córas bliantúil aitheantais ar bun do bhaill foirne a d'aontaigh a bheith mar phointe teagmhála na Gaeilge, nó dóibh siúd a rinne cúrsa oiliúna nó a d'fhreastail ar Scoláireacht na Gaeilge.

Foireann

Gníomh		
	(i)	Agus iad ag socrú ar scileanna Gaeilge riachtanach do phoist áirithe, tabharfaidh an Chomhairle an méid seo san áireamh: • Sainscileanna ar leith don phost • Scileanna atá riachtanach don fhoireann uile, • Gnéithe cultúrtha, timpeallachta agus teanga atá ceangailte le cineál scileanna teanga an phoist agus leis an bpobal/ceantar ar a fhreastlaíonn sé.
	(ii)	Dúirt 4.2% den fhoireann ar a rinneadh suirbhé go raibh Gaeilge 'líofa' acu agus dúirt 64% den fhoireann go raibh 'cúpla focal' Gaeilge acu.
	(iii)	Sainaithneoidh an Chomhairle, ar dhóigh chuspóireach, na poist sin nuair is gá don fhoireann Gaeilge a bheith acu, chomh maith leis na poist sin nuair a bheadh sé inmhianaithe.
	(iv)	Agus na poist Ghaeilge sainaitheanta, socróidh an Chomhairle ar an dóigh lena riachtanas soláthair fhoirne. Is féidir go mbeidh oiliúnt nó earcú i gceist i dtaca leis seo.
	(v)	Chun idirdhealú a dhéanamh idir na poist sin ina bhfuil an Ghaeilge riachtanach agus na poist sin ina bhfuil an Ghaeilge inmhianaithe, déanann an Chomhairle scrúdú ar a cuid seirbhísí agus ar an ngaol a bhíonn ag na seirbhísí sin leis an bpobal, ar a n-áireofar an cineál poist agus minicíocht na teagmhála le Gaeilgeoirí sa phobal. Leanfar ar aghaidh leis na riachtanais seo a bheith mar chuid d'fhógraí earcaithe agus de thuairiscí post.
	(vi)	Leanfaidh an scrúdú seo ar aghaidh le o hanailís a chur ar fáil faoin leibhéal líofachta a theastaíonn i ngach Rannóg le cinntiú go mbeidh siad siúd, ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge, é sin a dhéanamh; o Cláir oiliúna agus scileanna breise a chur ar fáil don fhoireann.
	(vii)	Tá sé mar aidhm ag an gComhairle líon na mball foirne atá in ann seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge a mhéadú le linn tréimhse na scéime seo agus, maidir leis seo, spreagfaidh an Chomhairle fostaithe go gníomhach na Scileanna Gaeilge atá acu a fhorbairt chun cur i bhfeidhm agus feidhmiú na scéime seo a éascú.

Earcú

Gníomh		
	(i)	Beidh líofacht teanga ar cheann de na scileanna a chuirfear san áireamh in earcú foirne.
	(ii)	Má bhíonn scileanna cumarsáide dátheangacha i nGaeilge as i mBéarla riachtanach nó inmhianaithe do phost, beidh sé seo sonraithe i sonraíocht an phoist agus san fhógra earcaíochta don phost.
	(iii)	Sa chás is go mbeidh beirt iarrthóirí atá ar chomhchéim maidir le taithí agus le cáilíochtaí ag cur isteach ar phost ina bhfuil an Ghaeilge inmhianaithe, glacfar leis an gcumas a bheidh ag duine cumarsáid a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge mar scil bhreise.
	(iv)	Beidh scileanna scríofa agus labhartha dhátheangacha sonraithe i sonraíocht an phoist agus i bhfógra an phoist.
	(v)	Cuirfear an Scéim Teanga faoi bhráid gach ball nua foirne agus cuirfear ar an eolas iad maidir leis na himpleachtaí a bheidh ag an Scéim ar an mbealach a ndéanfaidh siad a gcuid oibre.
	(vi)	Gheofar sonraí ar scileanna dátheangacha na bhfostaithe nua trí fhoirmeacha nua tosaitheoirí agus ar dhoiciméadú a chomhlánaíonn bainisteoirí.
	(vii)	Má bhíonn an Ghaeilge inmhianaithe do phost áirithe, beidh an fógra earcaíochta don phost go hiomlán dátheangach.
	(viii)	Sa chás nárbh fhéidir duine a cheapadh i bpost ina raibh riachtanas do Scileanna Gaeilge, is féidir iarrthóir a cheapadh nach bhfuil Gaeilge aige/aici. Sa chás seo beidh air/uirthi, mar choinníoll an cheapacháin, glacadh le leibhéal inghlactha líofachta sa Ghaeilge a fhorbairt chun riachtanais an phoist a chomhlíonadh.
	(ix)	Le hiarrthóirí a bhfuil scileanna Gaeilge acu a spreagadh, forbrófar comhpháirtíocht le OÉ Gaillimhagus le GMIT trí mhodhanna oibre mar dheiseanna le haghaidh taithí oibre agus rannpháirtíocht in aontaí fostaíochta.
	(x)	Chun cuidiú le hearcú Gaeilgeoirí, spreagfar Acmhainní Daonna na háiteanna ina gcuirtear fógraí do phoist a mheas go haireach. Ba chóir breithniú a dhéanamh ar fhógraíocht i bPreas agus meáin dhigiteacha na Gaeilge.
	(xi)	Déanfar an méid atá luaite thuas de réir beartas earcaíochta náisiúnta agus de réir na rialachán fostaíochta ábhartha.

Cur i bhFeidhm & Monatóireacht

Cur i bhFeidhm
Monatóireacht
Poibliú

Cur i bhFeidhm

Gníomh		
	(i)	Beidh an Bainisteoir Cathrach agus gach Stiúrthóir freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn gach oifigeach agus gach rannóg sa Chomhairle de réir riachtanas na Scéime seo.
	(ii)	Ceapfar go foirmiúil Oifigeach Sinsearach laistigh de gach stiúrthóireacht/rannóg chun freagracht bhainistíochta a ghlacadh i dtaca le cur i bhfeidhm laistigh de stiúrthóireacht/rannóg. Tabharfar 'An Grúpa Feidhmithe Tras-Rannach' go foirmiúil ar an ngrúpa seo.
	(iii)	Beidh an Feidhmeannach Sinsearach i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha ag feidhmiú mar chathaoirleach sa Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach.
	(iv)	Déanfaidh an Feidhmeannach Sinsearach i Seirbhísí Corparáideacha cur i bhfeidhm corparáideach na Scéime a chomhordú don eagraíocht go ginearálta, agus déanfaidh sé/sí breithniú ar fheidhmíocht na Comhairle maidir le seachadadh riachtanas na Scéime, agus chun tuairisciú ar na ceisteanna seo chuig an bhFoireann Bhainistíochta, agus más gá chuig an gCoimisinéir Teanga freisin.
	(v)	Beidh comhaltaí den Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach (CDIG) freagrach as cur i bhfeidhm na scéime laistigh dá rannóga féin, agus as tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn feidhmithe.
	(vi)	Déanfaidh comhaltaí den Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach (CDIG) cinnte go bhfuil baill foirne ina rannóga féin eolach ar riachtanais na scéime. Ina theannta sin, cuirfidh siad cur i bhfeidhm na Scéime Teanga chun cinn agus lorgóidh siad deiseanna chun comhairle a chur ar rannóga agus chun iad a spreagadh an Ghaeilge a chur isteach i mbeartais agus tionscnaimh nua.
	(vii)	Beidh ar chomhaltaí an Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach (CDIG) Plean Gníomhaithe a ullmhú dá gcuid Stiúrthóireachtaí féin agus an tasc seo a chur san áireamh ina bpleananna bliantúla pearsanta (PDPanna) agus foirne (TDPanna), a mhionsonróidh na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun cur i bhfeidhm riachtanas na Scéime a chinntiú, chomh maith le spriocdhátaí a chomhfhreagraíonn do spriocdhátaí atá leagtha amach sa scéim seo.
	(viii)	Beidh gach ball d'fhoireann na Comhairle freagrach as feidhmiú de réir riachtanas na scéime seo.
	(ix)	Déanfar fiosrú ar aon ghearán maidir le cur i bhfeidhm na Scéime de réir an phróisis gearán atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí.

Monatóireacht

Gníomh	
	(i) Beidh freagracht bhainistíochta ag comhaltaí den Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach, faoi chathaoirleacht SEO na Seirbhísí Corparáideacha, do chur i bhfeidhm laistigh de stiúrthóireacht/rannóg a mhonatóiriú.
	(ii) Beidh cur i bhfeidhm na scéime faoi réir athbhreithnithe rialta ag an bhFoireann Bhainistíochta.
	(iii) Déanfaidh comhaltaí den Ghrúpa Feidhmithe Tras-Rannach tuarascáil mhonatóireachta a ullmhú ar dhul chun cinn a rannóg ar leith i dtaca lena ngealltanais sa scéim seo.
	(iv) Déanfaidh na tuarascálacha monatóireachta do gach rannóg monatóiriú ar chomhlíonadh a ngealltanas faoin scéim, agus beidh aiseolas iontu faoi na ceannteidil seo a leanas: PLEAN GNÍOMHAITHE – Conas atá réamhphleanáil na heagraíochta i dtaca le Plean Gníomhaithe na Scéime – an bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh a spriocanna leagtha amach sa phlean gníomhaithe le haghaidh feidhmithe sa scéim. MONATÓIREACHT INMHEÁNACH – Feasacht ag baill foirne aonair agus ag an eagraíocht go corparáideach ar a riachtanais faoin scéim. Tacú don Scéim – an bhfuil go leor socrúchán ann chun cur i bhfeidhm na scéime a éascú ar bhonn laethúil? MONATÓIREACHT SHEACHTRACH Sonraí ar an gcaoi a bhfuil conraitheoirí tríú páirtí ag cur na scéime i bhfeidhm? Riachtanas /Éileamh ar sheirbhísí dátheangacha – tá taifead d'iarratais le coinneáil ag an bhfoireann. Gearáin – forbróidh bainisteoirí laistigh de rannóga meicníocht ghearán agus aird acu ar chineál agus tarlú na ngearán. Forbróidh rannóga cárta tuairimí ionas go mbeidh an pobal in ann feabhsúcháin a mholadh.

Poibliú na scéime aontaithe

Gníomh	*Spriocdháta*
Foilseofear an Scéim agus dáilfear go forleathan í – sna meáin, in oifigigh thofa, i leabharlanna, in Amharclann Halla an Bhaile, i Leisureland, in Iarsmalann Chathair na Gaillimhe, i gComhairlí cóngaracha.	
Fógrófar an Scéim go poiblí sna meáin áitiúla.	
Déanfar an Scéim a phoibliú go hinmheánach ag seimineáir foirne agus trí ríomhphost agus beidh sí ar fáil do gach ball foirne ar an Inlíon.	
Déanfar an Scéim a phoibliú ar láithreán gréasáin na Comhairle http://www.galwaycity.ie/ www.galway.ie agus eiseofar preaseisiúint agus é ceadaithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.	
Déanfar tagairt don Scéim i bhfoilseacháin eile de chuid na Comhairle, m.sh. An Plean Forbartha Cathrach, An Plean Cúraim do Chustaiméirí srl.	
Mar chuid den eolas in úsáid chun an scéim a phoibliú beidh cur síos ar an gcuspóir agus ar raon na scéime, agus cá huair agus cá háit a mbeidh rochtain ar an scéim ag an bpobal, lena n-áirítear sonraí ar an méid teagmhála a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal leis an gComhairle trí mheán na Gaeilge.	
Glacfaidh an Chomhairle gach deis ina hidirghníomhaíochtaí le custaiméirí na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, ina measc: - Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomach i dtaca leis an rogha atá acu déileáil leis an gComhairle i nGaeilge, mar shampla, trí thaispeáint d'fhógraí ag limistéir fháiltithe a léiríonn go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil agus trí na seirbhísí seo a liostú go feiceálach ar láithreán gréasáin na Comhairle; - Fonótaí a chur i dtreoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe, a mhíníonn go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin (seachas sa chás nach ndéantar ábhar clóite dátheangach faoin aon chlúdach amháin); agus - Nótaí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí a chuireann in iúl go soláthraíonn an Chomhairle seirbhísí trí mheán na Gaeilge, agus, dá bharr sin, cuirtear fáilte roimh chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge, de réir na ngealltanas ina Scéim aontaithe.	

Seoladh cóip den Scéim seo chuig oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla an téacs bunaidh den scéim seo.